# Aguisín VI Nóta Treorach ar Ráitis Mhodha CSS

Ní mór go ndéanfaí cur síos sa Ráiteas Modha ar bhail an struchtúir agus ar shonraí faoin tslí ina gcuirfear na hoibreacha caomhnaithe/deisiúcháin i gcrích. Ní gá don doiciméad seo a bheith rófhada agus **caithfidh go mbeidh sé cuí don chineál agus scála oibreacha a bheartaítear**, e.g. ní theastóidh an méid céanna sonraí ó Ráiteas Modha maidir le hatuíodóireacht ná a bheadh ag teastáil le haghaidh deisiúcháin struchtúracha nó saoirseachta. Níor cheart dó a bheith níos faide ná **DEICH leathanach A4**.

Ba cheart d'oibreacha a bheith ar aon dul leis an gcleachtas is fearr caomhnaithe agus ba cheart go ndéanfar iarracht modhanna a dhéanann an t-athrú is lú ar an ábhar gur féidir. Ba cheart go mbeadh oibreacha bunaithe ar thuiscint ar an struchtúr, agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as ábhair chuí. Ba cheart a laghad ábhar bunúil agus is féidir a ionadú agus níor cheart seo a dhéanamh ach nuair a bhíonn gá soiléir leis.

**<u>Caithfidh</u> go mbeidh na nithe seo a leanas sa Ráiteas Modha**

1. **Cur síos achomair ar an struchtúr**

An struchtúr mar atá sé díreach anois agus a fheidhm reatha. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo síos ar na gnéithe is suntasaí ann, an dealramh ginearálta, an lonnaíocht ina bhfuil sé suite, an cruth, an tábhacht a bhaineann leis, cuntas gearr ar an gcúlra ailtireachta (má tá sé ar fáil/ ábhartha) agus ar na hábhair as a bhfuil sé déanta.

2. **Cur síos ar an hoibreacha a mholtar**

Leis seo, ba cheart go nochtar na cúiseanna leis an obair agus na nithe a bhfuil rioscaí dá thoradh orthu, an obair dheisiúcháin a mholtar, conas a dhéanfar an obair, cad iad na hábhair a bheidh á n-úsáid agus conas a dhéanfar struchtúr an fhoirgnimh a choimeád. Caithfear go n-áirítear ann pleananna, líníochtaí agus meáin amhairc, m.sh. gearrthóga físe, grianghraif nó léiriúcháin eile, atá ábhartha agus a thacaíonn leis an iarratas agus, de ghnáth, ba cheart go n-áireofar na nithe seo a leanas ann:

a) An bhfuil na hoibreacha sealadach nó buan?

b) Cén cineál deisiúcháin a mholtar agus cá háit a bhfuil siad?

c) Cén chóireáil/athsholáthar ar ábhar damáistithe lena bhfuiltear ag súil?

d) Cén ábhair ionaid a chuirfear leis (más ann)?

e) Sonraí den mhaoirseacht agus den mhonatóireacht a bheidh ar an suíomh

3. **Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe a mholtar (más bainteach iad)**

Aon tionchar dóchúil a bheadh ag oibreacha ar struchtúr agus slite chun tionchair áibhirseacha a mhaolú. Féadfar go n-áireofar leis an maolú an dearadh, an tráthúlacht agus an modh (i.e. deisiú díonta a dhéantar i dtráth maith ionas nach gcuirfear isteach ar choilíneachtaí ialtóg nó obair

rindreála a dhéantar in am trátha chun seans a thabhairt don mhoirtéal aoil a shocrú síos, an nathraitheacht, roghnúchán ábhar cúramach, etc.

**4. Miondealú ar obair chéimnithe**

Ba chóir don ráiteas modha tábhacht/práinn na n-oibreacha atá le breithniú le haghaidh maoinithe a ghrádú go soiléir. Nuair is féidir, ba chóir sceideal táscach mí ar mhí de na hoibreacha beartaithe a chur san áireamh.

**5. Miondealú ar chostas**

Caithfear meastachán ar chostais an tionscadail a chur san áireamh, mar aon le costas iomlán na n-oibreacha agus costais aon chéimnithe oibreacha atá beartaithe.

**6. Ba chóir na nithe seo a leanas a chur san áireamh san fhaisnéis bhunúsach:**

- Seoladh Réadmhaoine (Éirchód san áireamh)
- Dáta an Ráitis Modha
- Uimh. an Taifid Struchtúr Cosanta/Uimh. Thaifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna agus/nó Uimhir Chláraithe Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (más infheidhme)
- Uimhreacha Leathanaigh